Alt 12

Tá de cheart ag páistí a mbarúlacha a chur in iúl gan bhac agus go n-éistfí lena mbarúlacha i gcúrsaí a bhaineann leo.



Alt 13

Tá de cheart ag páistí a mbarúlacha a chur in iúl, faisnéis a fháil agus a smaointe nó faisnéis a chur in iúl.



Alt 15

Tá de cheart ag páistí bualadh le daoine eile agus chun clárú le cumainn nó iad a bhunú.

Féach, le do thoil, an comhad PDF (8.1b) ar leith don teimpléad múrmhaisithe.

Féach, le do thoil, an comhad PDF (8.2a) ar leith don spriocbhileog.

Do vóta a chaitheamh i dtoghcháin, is dóigh éifeachtach é seo le bheith páirteach	**Cur amú ama é litreacha a scríobh agus achainíocha a shíniú, ní dhéanfaidh siad difear**
Ní chaithfidh tú clárú le haon chlub nó chumann scoile lena mhór a dhéanamh de scoil	**Déan feachtas ar son cúise trí bheith i láthair ag cruinnithe nó ollslógaí más mian leat go mbeidh athrú ann**
Airgead a thabhairt ar son na carthanachta an dóigh is tábhachtaí chun rudaí a athrú	**Do chuid ama a thabhairt suas le rudaí a dhéanamh go deonach, ní dhéanfaidh sé difear**
Tá sé ceart go leor suí siar agus dada a dhéanamh	**Rachaidh sé chun tairbhe don scoil uile má bhíonn baint ag daltaí le reáchtáil na scoile (msh comhairle scoile, éide scoile, bia ceaintín, srl.)**

Daltaí Amháin

Daltaí agus daoine fásta

Daoine fásta agus ionchur teoranta ó dhaltaí

Daoine fásta amháin

Neamhaird

Daoine Fásta i Réim

Daoine Fásta go Cneasta i Réim

Ionramháil

Comharthacht

Maisiúchán

Comhairliúchán

Cuireadh

Páistí ag Treorú Daoine Fásta ag Cuidiú

Comhchinneadh

Páistí i gCeannas

Páistí i gCeannas Socraíonn páistí cad é atá le déanamh. Ní ghlacann daoine fásta páirt ach amháin nuair a iarrann páistí cuidiú.	**Daoine Fásta i Réim** Déanann daoine fásta na cinní uile, ní insítear a dhath do pháistí ach cad é a chaithfidh siad a dhéanamh
Maisiúchán Socraíonn daoine fásta cad é atá le déanamh, glacann páistí páirt trí cheol, dhamhsa nó trí fheidhmeanna deasgnácha	**Comhchinneadh** Socraíonn daoine fásta agus páistí le chéile ar bhonn comhionannais
Daoine Fásta go Cneasta i Réim Déanann daoine fásta na cinní uile, deirtear le páistí cad é atá le déanamh agus tugtar cúis agus míniú dóibh	**Comharthacht** Socraíonn daoine fásta cad é atá le déanamh. Ligtear do pháistí mionghnéithe áirithe a chinntiú ina dhiaidh sin
Comhairliúchán Daoine fásta i gcomhairle le páistí agus déantar machnamh ar a mbarúlacha. Daoine fásta a dhéanann cinneadh ansin, agus gach barúil san áireamh	**Cuireadh** Fáiltíonn daoine fásta roimh smaointe na bpáistí ach déanann cinní as a stuaim féin
Ionramháil Socraíonn daoine fásta cad é atá le déanamh agus fiafraíonn de pháistí an aontaíonn siad (caithfidh páistí aontú)	**Páistí ag Treorú Daoine Fásta ag Cuidiú** Bíonn páistí chun tosaigh sa chinnteoireacht le cuidiú ó dhaoine fásta
Neamhaird Ní thugtar cuidiú nó aird ar bith do pháistí. Déantar neamhaird orthu.	

Féach, le do thoil, an comhad PDF (8.4c) le haghaidh Dréimire.

Suíomh A:
Iarradh ar do scoil dalta a chur ar fáil le plé a dhéanamh ar fhorbairt chlub óige sa cheantar áitiúil.

Gníomh a rinneadh:
Roghnaíonn an príomhoide dalta nach gcónaíonn sa cheantar áitiúil ach atá dea-labhartha agus dea-mhúinte.

Suíomh B:
Tá comhlacht áitiúil teilifíse ag iarraidh smaointe le haghaidh cláir nua theilifíse a bheidh dírithe ar dhaoine óga.

Gníomh a rinneadh:
Bhuail rang Bliain 10 leis na daoine ón chomhlacht teilifíse le smaointe a chur in iúl. Tháinig an lucht teilifíse ar ais ar ball lena gcuid smaointe féin a chur in iúl don rang agus le barúlacha eile a fháil.

Suíomh C:
Bhí tuismitheoirí ó do cheantar páirteach i mórshiúl agóide ar son airgead breise le haghaidh oideachais réamhscoile.

Gníomh a rinneadh:
Thóg na tuismitheoirí a gcuid páistí óga ar an mhórshiúl agus thug póstaeir dóibh lena n-iompar.

Suíomh D:
Mar gheall ar shuirbhé a eagraíodh ag comhairle na scoile, scríobh na baill litir chuig an phríomhoide le gnéithe áirithe den éide scoile a athrú.

Gníomh a rinneadh:
Dhiúltaigh an príomhoide don iarratas agus shocraigh gan freagra a thabhairt ar an litir.

Suíomh E:
Thóg comhairle áitiúil lucht pleanála isteach chun eastát tithíochta a athfhorbairt le go mbeadh saol níb fhearr ag na daoine uile ann.

Gníomh a rinneadh:
Chuir an chomhairle fóram óige ar bun a raibh daoine óga uile an cheantair páirteach ann le smaointe a chur ar fáil chun cuidiú leis an lucht pleanála.



Suíomh F:
Chuala daltaí áirithe i mBliain 10 faoi phiar-idirghabháil mar dhóigh le coimhlint i scoil a réiteach. Ba mhaith leo a macasamhail de scéim a bhunú ina scoil féin.

Gníomh a rinneadh:
Chuir daltaí Bliain 10 na daltaí eile ar an eolas faoin scéim. Chuir siad faoi bhráid chomhairle na scoile í agus chuidigh ionadaithe na múinteoirí leo a macasamhail de scéim a chur ar bun.



Suíomh G:
Ba mhaith le daltaí áirithe i do scoil go mbeadh áiseanna níb fhearr ann ag am sosa agus ag am lóin do dhaltaí uile na scoile.

Gníomh a rinneadh:
Thogh na daltaí ionadaithe le haghaidh grúpa oibre lena fháil amach cad é ba mhaith le gach duine. D'eagraigh agus rinne siad an obair a bhí de dhíth trí dheis a thabhairt do dhaltaí agus do dhaoine fásta araon a bheith páirteach ann.



Suíomh H:
D'fhiafraigh an príomhoide de dhaltaí áirithe ó Bhliain 8 an mbeadh suim acu ionadaithe ó Bhord na nGobharnóirí a thionlacan thart ar an scoil.

Gníomh a rinneadh:
Tuigeadh do dhaltaí áirithe go bhféadfadh na cuairteoirí rud mór a dhéanamh ar son na scoile agus bhí siad sásta iad a thionlacan thart.





Gníomh

Airgead a bhailiú agus é a thabhairt do ghrúpa atá ag obair sa cheantar seo



Gníomh

Cuireadh a chur ar dhuine atá eolach ar an tsaincheist seo le labhairt leis na daltaí uile



Gníomh

Litir a scríobh chuig nuachtán ina léirítear do bharúlacha



Gníomh

Tionól speisialta a reáchtáil ar scoil leis an tsaincheist a thabhairt chun suntais



Gníomh

Duillíni agus póstaeir a dhearadh agus iad a thabhairt amach sa scoil agus sa phobal



Gníomh

Taispeántas a chruthú do chlár fógraí na scoile leis an tsaincheist a thabhairt chun suntais



Gníomh

Achainí ar an tsaincheist a chur ar bun nó a shíniú



Gníomh

Iarr ar mhúinteoirí imeachtaí a eagrú a thabharfaidh an tsaincheist chun suntais msh díospóireacht, tráth na gceist



Gníomh

An tsaincheist a chur faoi bhráid chomhairle na scoile



Gníomh

Cuireadh a chur ar ionadaí poiblí teacht chun na scoile



Gníomh

Páirt a ghlacadh in ollslóga nó i bhfeachtas



Gníomh

Comhthionól speisialta a chur ar bun ar scoil leis an tsaincheist a thabhairt chun suntais



Gníomh

Iarr ar an phríomhoide nó ar bhall ardbhainistíochta cuidiú libh an tsaincheist a réiteach



Gníomh

Déan roghanna eolacha saoil a bhaineann leis an tsaincheist, msh an dóigh a gcaitheann tú d'airgead, na siopaí a dtéann tú chucu, na rudaí a cheannaíonn tú



Gníomh



Gníomh

Saincheist 1

Tá an rialtas i ndiaidh saighdiúirí a chur go dtí tír eile chun cuidiú leo fadhb áirithe a réiteach. Tá tú den bharúil nach mbaineann sé linn

Saincheist 2

Tá tú buartha faoi pháistí a bheith gafa i ndéantús barréidí spóirt agus baill eile éadaigh

Saincheist 3

Ba mhaith leat go gcuirfí scairdeáin uisce óil i bhforhalla agus i gceaintín na scoile

Saincheist 4

Tá tú buartha go bhfuil drochúsáid mhídhaonna á himirt ar dhaoine óga ag na húdaráis i dtír eile

Saincheist 5

Tá tú buartha go bhfuil an chomhairle chun sólann áitiúil a dhruidim

Saincheist 6

Tá tú i ndiaidh clár teilifíse ar ghorta i dtír eile a fheiceáil agus ba mhaith leat rud a dhéanamh faoi

Druidim Phleanáilte de Shólann Bhaile Ar Bith



Cuirtear cuireadh ort bheith i láthair ag cruinniú poiblí

Déardaoin
ar
7.30 p.m.
i
gColáiste Bhaile Ar Bith

Bí páirteach!
Cuidigh le do phobal!

Bí ann agus labhair amach!
Fáilte roimh chách!

Ball Foirne

Cad iad na hiarmhairtí a bheidh ann duit féin mar dhuine agus do na grúpaí éagsúla a bhaineann úsáid as an tsólann má dhruidtear í?

Tá tú in éadan druidim Shólann Bhaile Ar Bith

Leideanna

- Cad chuige, dar leat, nár chóir í a dhruidim? Bíodh roinnt fáthanna agat
- Cad é mar a théann an tsólann chun tairbhe don phobal?
- Cad iad na grúpaí éagsúla a bhaineann úsáid as an tsólann, msh seandaoine, foirne peile, teaghlaigh, srl.?
- An bhfuil tú buartha go gcaillfidh tú do phost?

Duine Óg

Cad iad na hiarmhairtí a bheidh ann duit féin mar dhuine agus do na grúpaí éagsúla a bhaineann úsáid as an tsólann má dhruidtear í?

Tá tú in éadan druidim Shólann Bhaile Ar Bith

Leideanna

- Cá mhinice a úsáideann tú an tsólann agus cad chuige?
- An bhfuil rudaí eile le déanamh ag daoine óga i do cheantar?
- Cad chuige, dar leat, nár chóir í a dhruidim? Luaigh fáthanna.

Ionadaí do Eagraíocht Neamhrialtasach (NGO)

Cad iad na hiarmhairtí a bheidh ann do na grúpaí éagsúla a bhaineann úsáid as an tsólann má dhruidtear í?

Tá tú in éadan druidim Shólann Bhaile Ar Bith

Leideanna

- Cén grúpa sa tsochaí a ndéanann tú ionadaíocht air, msh seandaoine, grúpa ban, grúpa faoi mhíchumas,srl.?
- Cad é mar a théann an tsólann chun tairbhe don ghrúpa a ndéanann tú ionadaíocht air?
- Má dhruidtear an tsólann, cad é mar a rachaidh sin i gcion ar an ghrúpa a ndéanann tú ionadaíocht air?

Forbróir Maoine

Cad é mar a rachaidh sé chun tairbhe don phobal mhór má dhruidtear an tsólann?

Tá tú ar son druidim Shólann Bhaile Ar Bith

Leideanna

- Cad chuige, dar leat, ar chóir an tsólann a dhruidim? Luaigh fáthanna.
- Cad iad na dóigheanna a bhféadfá suíomh na sólainne a fhorbairt, msh siopaí, oifigí, club oíche srl.?
- Cad é mar a rachadh sé seo chun tairbhe don phobal áitiúil, msh poist, cúrsaí timpeallachta de srl.?

Duine Óg

Cad é mar a rachaidh sé chun tairbhe don phobal mhór má dhruidtear an tsólann?

Tá tú ar son druidim Shólann Bhaile Ar Bith

Leideanna

- Cá mhinice a úsáideann tú an tsólann agus cad chuige?
- An bhfuil rudaí eile le déanamh ag daoine óga i do cheantar?
- Cad chuige, dar leat, ar chóir í a dhruidim? Luaigh fáthanna.

Cónaitheoir Áitiúil

Cad é mar a rachaidh sé chun tairbhe don phobal mhór má dhruidtear an tsólann?

Tá tú ar son druidim Sólann Bhaile Ar Bith

Leideanna

- Cá mhinice a úsáideann tú an tsólann agus cad chuige?
- Cad chuige, dar leat, ar chóir í a dhruidim, msh callán, bruscar, trácht,srl.?